



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2015

15071/15

SOC 711
EMPL 464

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Dáta:	An 7 Nollaig
Chuig:	Na Toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13766/15 SOC 643 EMPL 423
Ábhar:	Cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip - Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2015)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip, a ghlac an Chomhairle (EPSCO) ag an 3434ú cruinniú a bhí aici a tionóladh an 7 Nollaig 2015.

Cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip

Conclúidí ón gComhairle

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Á AITHINT DI:

1. Go bhfuil idir ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe agus tionchar dearfach sóisialta sa gheilleagar sóisialta, agus go mbíonn na hearraí agus na seirbhísí ann ag teacht leis na riachtanais, agus go bhfuil réimse leathan, saibhir de mhúnlaí eagrúcháin ann, iad ag eascairt as comhthéacsanna éagsúla náisiúnta agus leasa ach go bhfuil luachanna, saintréithe agus spriocanna i bpáirt acu. Go bhfuil ról tábhachtach ag an ngeilleagar sóisialta in iompú agus i bhfeabhsú na sochaithe, na gcóras leasa agus na ngeilleagar comhaimseartha agus mar sin go gcuireann sé go mór leis an bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus dhaonna ar fud na hEorpa agus lasmuigh di agus go dtagann sé sa bhreis ar na réimeanna leasa atá i roinnt Ballstát cheana féin.
2. Go gcuidíonn an geilleagar sóisialta le go leor de phríomhchuspóirí an Aontais a bhaint amach chomh maith, lena n-áirítear fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach, fostaíocht ar ardchaighdeán, comhtháthú sóisialta, an nuáil shóisialta, forbairt áitiúil agus réigiúnach agus cosaint an chomhshaoil. Is uirlis thábhachtach é freisin a chuidíonn chun leas na ndaoine a áirithiú. Níos tábhachtaí fós, is earnáil í an geilleagar sóisialta a tháinig slán tríd an ngéarchéim eacnamaíoch níos mó ná earnálacha eile agus atá ag fáil níos mó agus níos mó aitheantais ar an leibhéal Eorpach¹.
3. Le blianta beaga anuas, tá infheictheacht pholaitiúil ag baint níos mó leis an ngeilleagar sóisialta mar earnáil atá ina colún tábhachtach go háirithe ó thaobh na fostaíochta agus an chomhtháthaithe shóisialta de ar fud na hEorpa agus atá ríthábhachtach chun spriocanna na straitéise Eoraip 2020 a bhaint amach.

¹ Tuarascáil CIRIEC (2012): An geilleagar sóisialta san Aontas Eorpach

4. In 2009, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún inar aithníodh an geilleagar sóisialta mar phríomhoibreoir chun na cuspóirí atá ag Straitéis Liospóin a chomhlíonadh.²
5. Sa Teachtaireacht uaithi, "I dTreo Gnímh um an Margadh Aonair - Le haghaidh geilleagair shóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar - 50 togra chun ár gcuid oibre, ár ngnó agus ár gcaidreamh lena chéile a fheabhsú"³, chuir an Coimisiún in iúl go soiléir gur léiríodh sa chéad deich mbliana den chéad seo, acmhainneacht ollmhór nuálach an gheilleagair shóisialta ar fud na hEorpa agus níos faide ná sin agus leag siad béim ar an méid ar féidir leis an earnáil seo a dhéanamh chun teacht ar réitigh nuálacha ar na fadhbanna móra socheacnamaíocha, a lán díobh ag teacht chun cinn de bharr eisiamh sóisialta agus an daonra a bheith ag dul in aois.
6. I Straitéis na Róimhe 2014⁴ aithníodh na réimsí ina bhfuil gá le gníomhú de réir na ngníomhaithe éagsúla a d'oibrigh chun leathadh agus neartú an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa.
7. Ag tógáil ar na láidreachtaí atá ag traidisiún fada an gheilleagair shóisialta, is iad na fiontraithe sóisialta a spreagann athrú agus a bhfuil páirt ghníomhach acu i bhforbairt agus i gcur chun feidhme réiteach nuálach ar na dúshláin mhóra eacnamaíocha, shóisialta agus éiceolaíochta atá os comhair an Aontais Eorpaigh faoi láthair.
8. Is éard atá i gceist le fiontair an gheilleagair shóisialta ná réimse eagraíochtaí atá bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil daoine níos tábhachtaí ná caipiteal agus áirítear orthu cineálacha eagrúcháin amhail comharchumainn, cumainn fhrithpháirteacha, fondúireachtaí agus comhlachais, chomh maith le cineálacha nua d'fhiontair shóisialta⁵ agus féadfar breathnú orthu mar mhodhanna chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach ar fud na hEorpa ós rud é go gcuidíonn siad le geilleagar sóisialta margaidh atá iolraíoch agus athléimneach a chruthú. Ag gníomhú dóibh ar mhaithe leis an leas coiteann, cruthaíonn fiontair an gheilleagair shóisialta poist, soláthraíonn siad earraí agus seirbhísí atá nuálach ó thaobh cúrsaí sóisialta de, éascaíonn siad an cuimsiú sóisialta agus cuireann siad geilleagar chun cinn atá níos inbhuanaithe agus níos áitiúla. Tá siad bunaithe ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus ar phrionsabal an chumhachtais.

² Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Feabhra 2009 (2008/*2250(INI))

³ COM(2010) 608 críochnaitheach.

⁴ Mar a glacadh iad faoin Uachtaránacht Iodálach, an 18 Samhain 2014.

⁵ Ba cheart an tuiscint chéanna a bheith ar an gcoincheap 'fiontar sóisialta' agus atá i Rialachán EaSI (IO L 347/238, an 20.12.2013).

9. Is gníomhaithe eacnamaíocha iad fiontair an gheilleagair shóisialta arb é an príomhchuspóir atá acu tionchar dearfach sóisialta a chruthú. De réir an tsainmhínithe, úsáideann fiontair an gheilleagair shóisialta an chuid is mó den bhrabús arbh fhéidir leo a dhéanamh chun na cuspóirí sóisialta is mó atá acu a bhaint amach, seachas brabús a uasmhéadú do na húinéirí agus na scairshealbhóirí. Tá a gcuid gníomhaíochtaí ag brath don chuid is mó, ach ní go heisiach, ar shamhlacha gnó dáiliúcháin teoranta brabúis, ina ndéantar an chuid is mó dá gcuid barrachais a ath-infheistiú chun a gcuid gníomhaíochtaí a fhorbairt tuilleadh.
10. Leag Tionscnamh Gnó Sóisialta an Choimisiúin⁶ plean cuimsitheach gníomhaíochta amach chun tacú leis an nuáil shóisialta agus chun cuidiú le hatmaisféar fabhrach a chruthú d'fhiontair shóisialta, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara éagsúla. Aithníodh sa tionscnamh sin trí shraith gníomhaíochtaí lena ndéanfaí difear agus lena gcuirfí feabhas ar bhundálaí na bhfiontar sóisialta: feabhas a chur ar an rochtain ar airgeadas, infheictheacht níos fearr a chruthú d'fhiontair shóisialta agus an feabhas is fearr is féidir a chur ar an timpeallacht dlí.
11. Le Pacáiste na hInfheistíochta Sóisialta 2013⁷, tugadh treoir do na Ballstáit maidir le beartais shóisialta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus athdhearbhaíodh go gciallaíonn infheistíocht shóisialta, infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, d'fhonn na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag daoine a neartú agus chun cabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh i saol na hoibre agus sa saol sóisialta. Ag am mar seo, nuair atá dúshlán ollmhóra os comhair na hEorpa ó thaobh na dífhostaíochta agus an eisiaimh shóisialta de, mar aon leis an athrú déimeagrafach, tá ról tábhachtach le himirt ag fiontair an gheilleagair shóisialta chun na hionchais reatha agus na hionchais a bheidh amach anseo ag mná agus ag fir a neartú i margadh an tsaothair agus sa tsochaí.
12. I nDearbhú Strasbourg⁸, d'athdhearbhaigh corradh le 2 000 geallsealbhóir, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, fiontraihte sóisialta agus lucht tacaíochta fiontar sóisialta, a bhí mar ionadaithe ar éagsúlacht shaibhir an gheilleagair shóisialta san Eoraip, gur gá d'fhiontair shóisialta ról níos mó a ghlacadh i dtodhchaí na hEorpa agus, ag an am céanna, shainaithin siad smaointe agus gníomhaíochtaí nua chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú.

⁶ COM(2011) 682

⁷ COM(2013) 83 final

⁸ Fiontraihte sóisialta a chumhachtú don nuáil, don fhás cuimsitheach agus do phoist", a glacadh an 16/17 Eanáir 2014.

13. Sa dearbhú a rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i Milano⁹ maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh ar leibhéal an Aontais, cuireadh sraith tograí agus moltaí ginearálta i dtoll a chéile maidir le tacú éifeachtach don nuáil shóisialta agus do bheartas na hinfheistíochta sóisialta. Go háirithe, deirtear sa dearbhú gurb iad an Stát agus na húdaráis phoiblí i gcoitinne atá freagrach i ndeireadh an tsaoil as a áirithiú go mbíonn rochtain uilíoch agus chothrom ag na saoránaigh ar leas d'ardchaighdeán, agus gur rud comhlántach é soláthar an dara líne a chuirtear le soláthar na chéad líne agus leis an soláthar státbhunaithe seachas bheith in ann teacht ina n-áit.
14. Leis an rún a ghlac Parlaimint an hEorpa in 2015, leagadh béim ar ról na Fiontraíochta Sóisialta agus na Nuála Sóisialta chun cur i gcoinne na dífhostaíochta¹⁰.
15. I dTreochlár Uachtaránacht Lucsamburg maidir le borradh a chur faoi fhiontair an gheilleagair shóisialta san Eoraip¹¹, díritear go háirithe ar fhiontair an gheilleagair shóisialta a fhorbairt agus, ag an am céanna, cuirtear béim ar a thábhachtaí atá "éiceachóras" cuimsitheach don gheilleagar sóisialta san Eoraip. Leagtar béim ar leith ann ar an ngá atá le héiceachórais airgeadais leordhóthanach a fhorbairt a bheidh in ann tacaíocht éifeachtach a thabhairt maidir leis an nuáil shóisialta.
16. Tá méadú ag teacht ar an bplé ar fhorbairt an Gheilleagair Shóisialta agus Dlúthpháirtíochta agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh an plé sin le múnú chlár oibre 2030 maidir le forbairt inbhuanaithe.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

⁹ "Borradh a chur faoin nuáil chun toradh sóisialta níos fearr a bhaint amach" (arna nglacadh ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2014).

¹⁰ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Iúil 2015 (2014/*2236(INI))

¹¹ Le glacadh an 4 Nollaig 2015 os comhair Chomhairle EPSCO i mí na Nollag.

17. Straitéisí agus cláir Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla a bhunú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh, de réir mar is iomchuí, maidir le feabhas a chur ar an ngeilleagar sóisialta, ar an bhfiontraíocht shóisialta agus ar an nuáil shóisialta. Ba cheart na straitéisí agus na cláir éagsúla a bheith bunaithe ar idirphlé cuiditheach idir údaráis Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla agus na geallsealbhóirí ábhartha go léir.

I réimse na feasachta, an aitheantais agus an oideachais:

18. Feabhas a chur ar infheictheacht an gheilleagair shóisialta, i gcás inarb ábhartha trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt, d'fhonn a áirithiú go mbeidh eolas leordhóthanach ann le haghaidh ceapadh beartas agus go dtabharfar aitheantas níos fearr maidir le gníomhaíochtaí a dhéanfaidh geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear fiontair an gheilleagair shóisialta, agus maidir leis an tionchar a bheidh acu ar an tsochaí.
19. Iarrachtaí a dhéanamh chun taifead breise a choimeád ar rannchuidiú éifeachtach an gheilleagair shóisialta leis na comhiomláin mhaicreacnamaíocha móra. Toisc gur cheart go mbeadh na beartais go léir bunaithe ar fhianaise, ba cheart do Eurostat agus do na húdaráis náisiúnta staidrimh machnamh a dhéanamh ar chuntais satailíte a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcuid staidrimh faoi seach agus é mar aidhm rannchuidiú an gheilleagar shóisialta leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta san Aontas Eorpach a shuí.
20. Féachaint ar an mbealach is fearr le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i réimse na nuála sóisialta, trí úsáid a bhaint as táscairí sóisialta atá ann cheana bunaithe ar ghníomhachtú, ar chumhachtú agus ar rannpháirtíocht an chomhphobail, trí úsáid a bhaint as tuarascálacha straitéiseacha ábhartha a chuirfear faoi bhráid an Choiste um Chosaint Shóisialta.
21. I gcás inarb iomchuí, tionscnaimh forbartha acmhainní a chur chun cinn chun feasacht lucht déanta beartais, státseirbhíseach agus cleachtóirí a fheabhsú maidir le gnéithe sonracha an gheilleagair shóisialta agus fhiontar an gheilleagair shóisialta agus maidir leis na deiseanna atá ann ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, go háirithe i dtíortha ina bhfuil an geilleagar sóisialta tearcfhorbartha i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, tá sé ábhartha freisin go mbainfear úsáid as scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach.

22. Leanúint d'fheasacht agus de thaithí maidir le fiontair an gheilleagair shóisialta a fhorbairt agus tacú le scaipeadh na feasachta agus na taithí sin, lena bhféadfaí bacainní saorga a bhriseadh síos agus lena dtacófaí le barainneachtaí scála a bhaint amach, mar shampla le líonraí náisiúnta agus Eorpacha. Ina theannta sin, ba cheart comhroinnt éifeachtach líonraí agus taithí le tíortha forbartha agus tíortha atá ag teacht chun cinn a fhorbairt tuilleadh.
23. Aird ar leith a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar bhealaí éifeachtacha a fhorbairt agus a shaothrú chun daoine óga a spreagadh le bheith páirteach sa gheilleagar sóisialta, mar shampla trí na hábhair a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta a chur san áireamh sna curaclaim agus sna gníomhaíochtaí ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna. Ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhiontair agus d'eagraíochtaí a oibríonn leo chun úsáid a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus + agus le cláir eile le haghaidh cúrsaí oiliúna ar fud na hEorpa, lena dtabharfaí deis do dhaoine óga scileanna agus inniúlachtaí sonracha a fhorbairt chomh maith le feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar an ngeilleagar sóisialta agus a gcuid scileanna agus feasachta a fhorbairt.

I réimse na nuála sóisialta:

24. Cothú níos córasaí a dhéanamh ar an nuáil sóisialta le haghaidh torthaí sóisialta níos fearr i gcláir Eorpacha oibre agus náisiúnta tríd na réimsí éagsúla beartais a nascadh níos fearr, trí thacú le cineálacha cur chuige comhtháite, agus comhpháirtíochtaí níos leithne a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí ábhartha. Ar an gcuma chéanna, ba cheart go dtabharfadh an fhorbairt beartais seo cumhacht do thairbhíthe aonair agus do phobail áitiúla araon, agus ba cheart an prionsabal maidir le príomhshruthú inscne a chur chun feidhme leis, lena n-áirítear measúnú tionchair ar inscne. Ba cheart go ndíreodh an Coimisiún agus na Ballstáit ar mhórbheartais agus ar mhórlíonraí, ar nós chlár an Aontais amhail Fís 2020, na cistí struchtúracha agus tionscnaimh do bheartais maidir le rialáil níos fearr, a úsáid go héifeachtach chun tacú leis an nuáil shóisialta agus le fiontair an gheilleagair shóisialta.
25. Leanúint d'éiceachóras iomchuí a fhorbairt d'fhiontair an gheilleagair shóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát d'fhonn teacht i dtír ar a n-acmhainn iomlán ionchasach mar chatalaigh don nuáil shóisialta. Aird ar leith a thabhairt freisin ar mhoil, ar ghoradain, ar luasairí, agus ar mheicníochtaí treisithe eile.

26. Ba cheart go ndéanadh an Coimisiún Eorpach agus na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i gcás inarb iomchuí, faireachán géar ar thionchar, ar inaistritheacht agus ar rannchuidiú na gcomhpháirtíochtaí nuála sóisialta, agus róil faoi seach na ngeallsealbhóirí i bhforbairt agus i gcur chun feidhme réiteach atá nuálach ó thaobh gnéithe sóisialta de á n-aithint acu agus tacaíocht á tabhairt dóibh.

I réimse na timpeallachta rialála:

27. Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le creataí dlíthiúla atá fóna agus cuimsitheach tráth a mbeifí ag teacht i dtír ar acmhainneacht fhiontair an gheilleagair shóisialta agus an tionchar sóisialta dearfach atá acu a uasmhéadú i dtéarmaí fáis agus fostaíochta.
28. I gcás inarb iomchuí, beartais shonracha a chuirtear in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta a cheapadh go háirithe d'fhonn leas iomlán a bhaint as saibhreas agus éagsúlacht fhiontair an gheilleagair shóisialta atá bunaithe go háitiúil. D'fhéadfadh na Ballstáit a gcuid ionstraimí rialála féin a fhorbairt, agus riachtanais shonracha fhiontair an gheilleagair shóisialta áitiúil á gcur san áireamh.
29. I gcás inarb iomchuí, dreasachtaí a chuirtear in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta a cheapadh d'fhonn tacú le forbairt fhiontair an gheilleagair shóisialta ag gach céim dá saolré.
30. Aird a thabhairt ar na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis na Treoracha nua don soláthar poiblí i gcás fhiontair an gheilleagair shóisialta agus feasacht maidir leis na féidearthachtaí sin a spreagadh i measc na n-údarás Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus i measc fhiontair an gheilleagair shóisialta.
31. Tacú le gnáthchomhar cothrom gnó idir fiontair an gheilleagair shóisialta agus na gnólachtaí níos traidisiúnta atá dírithe ar bhrabús, cur i gcás trí ghnólachtaí "in-fhiontraíochta" sóisialta nuathionscanta a fhorbairt laistigh de chuideachtaí traidisiúnta. Chomh maith leis an tsoláthar poiblí, ba cheart tacaíocht shonrach a chur ar fáil chun caidreamh cuiditheach agus inbhuanaithe leis an soláthar príobháideach a fhorbairt.

32. Anailís a dhéanamh ar na hionstraimí airgeadais is iomchuí agus scaipeadh na n-ionstraimí sin a chur chun cinn ar gach leibhéal d'fhonn éiceachóras cuimsitheach airgeadais agus é a chur ar chumas fhiontair an gheilleagair shóisialta fás agus forbairt a dhéanamh.
33. Rochtain a sholáthar, faisnéis a chur ar fáil agus a fhoilsiú, i gcás inarb ábhartha trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt, maidir leis na deiseanna maoiniúcháin atá ann d'fhiontair an gheilleagair shóisialta. I gcás inarb iomchuí, ceanglais eagraíochtúla agus riaracháin a shimpliú, le go mbeidh fiontair an gheilleagair shóisialta nuabhunaithe in ann tús a chur lena ngníomhaíochtaí.
34. Machnamh a dhéanamh faoin ngá atá ann scéimeanna sonracha ráthaíochta a bhunú agus a fhorbairt, a bheadh dírithe ar fhreastal ar ardchol riosca na n-infheisteoirí, ar riachtanais na hearnála maidir le caipiteal fadtéarma a shásamh, agus ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair an gheilleagair shóisialta agus do ghnólachtaí nuathionscanta atá nuálach ó thaobh gnéithe sóisialta de atá ann cheana. A mheabhrú go bhféadfadh go mbeadh infheisteoirí atá freagrach ó thaobh gnéithe sóisialta de toilteanach glacadh le toradh níos ísle ar a n-infheistíochtaí agus tacaíocht á tabhairt acu d'fhiontair an gheilleagair shóisialta, ar an gcoinníoll go mbeidh na meicníochtaí cearta institiúideacha ar bun leis an riosca a bhraitheann siad a laghdú.
35. Leas gníomhach a bhaint as ionstraimí an Aontais, amhail Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí ESI), Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (Clár EaSI) agus Fís 2020, ionas go gcuirfear le hacmhainneacht infheistíochta na n-idirghábhálaithe ábhartha agus lena ullamh agus atá fiontair an gheilleagair shóisialta infheistíocht a dhéanamh.
36. Úsáid acmhainní príobháideacha a spreagadh i gcothromas nó i gcuaschothromas mar bhealach le fás fhiontair an gheilleagair shóisialta a chothú.
37. I gcás inarb iomchuí, tacú le fiontair nuálacha agus fóna a chruthú, i bhfoirm thionscadal ceannaigh thar barr amach na n-oibreoirí freisin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar straitéis Eoraip 2020, beartais an gheilleagair shóisialta, na nuála sóisialta agus na hinfheistíochta sóisialta a chur san áireamh.
39. Tacú le fás an gheilleagair shóisialta san Eoraip trí dhea-chleachtais a scaipeadh agus forbairt acmhainní a chur chun cinn trí thaithí phraiticiúil a roinnt.
40. An geilleagar sóisialta a chur chun cinn agus tacú leis trí na húdaráis náisiúnta agus áitiúla i dtíortha ina bhfuil na rátaí dífhostaíochta, agus go háirithe na rátaí dífhostaíochta i measc an ógra, na mban agus na ngrúpaí leochaileacha, ard.
41. Tacú le tograí nithiúla le go mbunófar athbhreithnithe piaraí maidir leis an ngeilleagar sóisialta agus beartais agus bearta maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta. D'fhéadfaí tacú le comhroinnt na taithí le hathbhreithnithe piaraí agus d'fhéadfaí dea-chleachtais a chothú i measc na mBallstát, lena n-áirítear nuair is ábhartha, i gcás na bpleananna náisiúnta gníomhaíochta lena dtacaítear leis an ngeilleagar sóisialta, agus aird á tabhairt ar na sonraíochtaí náisiúnta i gcónaí.

MOLANN SÍ D'FHIONTAIR AN GHEILLEAGAIR SHÓISIALTA AGUS D'FHIONTRAITHE SÓISIALTA AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

42. A bheith gníomhach i bhforbairt beartas agus straitéisí uile-Eorpach lena gcuirtear earnáil a ngníomhaíochtaí chun cinn. Ba cheart go ndéanfaidh fiontair an gheilleagair shóisialta agus na fiontraithe sóisialta níos mó tionscnaimh le feasacht agus infheictheacht maidir lena n-éarnáil, agus an tionchar a ghabhann leis sin, a fhorbairt, chomh maith le comhar díreach eatarthu féin, leis na húdaráis phoiblí agus le geallsealbhóirí eile.
43. Díriú ar na cuspóirí sóisialta tríd an gcultúr agus na modhanna iomchuí fiontair a chuimsiú, agus ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar ionadaíocht na mban agus na ndaoine óga sa rialachas, tacú le próiseas na nuála agus an turgnaimh agus cultúr meastóireachta a chothú.